

Eagarfhocal

Séamas Ó Neachtain


“Is buaine port ná glór na n-éan, agus is buaine focal ná toice an tsaoil.”

Cad tá buan in aon chor? Is iomaí iris na Gaeilge a foilsíodh agus a d’imigh uainn. Fuair mé cóip de cheann suimiúil tamall ó shin, a bhí ann in 1986 (agus a foilsíodh i Nua-Eabhrac!). Tionscadal Aingeal Nic Artuir ab ea é, le Gabriel Rosenstock ina eagarthóir air, dar teidil *An Droichead*. Iris dhátheangach, le gach alt ann faoi dhó, as Béarla agus as Gaeilge. Níl a fhios agam conas a d’éirigh leis ag an am sin - bhí cúpla eagrán ann, de réir dealraimh - ach is léir go bhfuil sé imithe anois. Nuair a bhíodh *An Gaodhal* againne mar theidil, bhíodh an iris seo dátheangach, freisin, ach ní minic a bhí aistriúcháin i gceist. Bhíodh ailt as an dá theanga ann. Bhí dhá chúis leis sin, sílim: chun níos mó léitheoirí a mhealladh, agus leis sin (agus ní ba thábhachtaí), ní raibh cló Gaelach go leor acu chun gach alt a fhoilsiú as Gaeilge!

Idir 1983 agus 1986 d’fhoilsigh The Irish Arts Center i Nua-Eabhrac leagan eile de *An Gael*. Bhíodh sé sin beagnach go léir as Béarla, cé go mbíodh ábhar áirithe as Gaeilge ann (agus Séamus DeBláca ina eagarthóir ar an gcuid sin). Bhí rogha againn mar chumann nuair a d’athbhunaíomar ár n-iris seo, í a dhéanamh dátheangach nó as Gaeilge amháin, agus roghnaíomar í a dhéanamh mar a fheiceann tú anois í, as teanga amháin. Ghlacamar *Comhar* agus *Feasta* mar dheaiseamláirí. Bíonn an iomarca ann as Béarla cheana, agus tá sé níos spéisiúla iris idirnáisiúnta a fhoilsiú i dteanga nach bhfuil ag brú ar aon teanga eile. Mé féin, is fuath liom achan rud a léamh (nó a scríobh) faoi dhó, gan cúis mhaith leis. Is irisleabhar na Gaeilge é seo - bíodh Gaeilge ann, mar sin, adeirimse.

É sin ráite, bíonn tairbhe éigin ag baint le hábhar dátheangach, agus b’fhiú a leithéid d’irisleabhar ina shlí féin. *An Wolf Tone Annual*, as a bhfoilsimid dea-shamplaí Gaeilge, bhíodh an chuid is mó de as Béarla. Tá colún rialta agamsa sa *National Hibernian Digest* (*nuachtán oifigiúil an AOH i Meiriceá*) a bhíonn dátheangach, chun cabhair a thabhairt don fhoghlaim. Bíonn

Rannóg na bhFoghlaimoirí in Saol mar sin, freisin. Ag tagairt don iris sin, de réir dealraimh, ní bheidh sí i gcló níos mó, ach ar an idirlíon amháin. Mór an trua, dar liomsa. Sin rogha eile a rinneamar ag an dtosach - iris chlóite nó iris mar *Beo!*, ar an idirlíon amháin? An irisleabhar le fírinne é mura bhfuil sé i gcló? Nach bhfuil sé níos buaine i gcló? Pléadh an cheist sin anseo cheana. Ní mór glacadh le hathruithe an tsaoil, freisin, ámh, agus táimid ar fáil mar chomhad pdf freisin anois, más fearr le duine ar bith an iris seo a léamh ar ríomhaire. Mise, is fearr liom páipéar.



Bhíodh iris eile ann tráth dá raibh dar teidil *Innti*, a bhunaigh Michael Davitt. Bhí sí sin an-tábhachtach ag spreagadh filí chun cumadóireachta, agus chun beocht nua a chur i saol na Gaeilge. Foilsíodh na filí Gaeilge is cáiliúla fós inti. Nílimidne ag déanamh go dona, ach oiread. Níl cáil ná clú bainte amach ag an

chuid is mó againn, is dócha (cé go bhfuil leabhair i gcló ag mórán dinn), ach bíonn filíocht mhaith againn i ngach eagrán, maraon leis an bprós, agus tá cáil is clú ar an bhfile Rody Gorman atá san eagrán seo, mar sin féin. An mbeidh aon tionchar againn mar a bhíodh ag *Innti*? Níl aon fhios agam. Saol difriúil ar fad atá anois againn. Obair eile atá ar siúl againn anois. Níl sé chomh hait dánta as Gaeilge a fhoilsiú níos mó, buíochas leis an obair a rinne siadsan, *Comhar* agus a lán foilsitheoirí eile.

Is fada a ritheann cuimhne an phobail. Chomh buan agus is féidir, b'fhéidir, buíochas le daoine mar Réamonn Ó Cléirigh, Muiris Ó Bric agus Gearóid Ó Ceallaigh agus staraithe, seanchaithe is

scéalaithe eile. Tá Aidhne imithe, ach tá a rian ann fós dúinn. An é an rud atá buan ionainn ná an Gaelachas sin? Stair, filíocht agus scéalta, go háirithe faoinár muintir féin. Sin a bhíonn san iris seo, agus sin na hábhair a gcuireann Gaeil suim iontu, mar a chuireadar leis na cianta. Beagán den spioradáltacht, den cheol agus na healaíonta, an cur le chéile, agus fiú beagán díospóireachta ó am go chéile, agus sin agat sinne, b'fhéidir. Sin agat *An Gael*, pé scéal é.

Cathain a bheidh ár bport féin seinnte? Ní fheadar an domhain. Nílimid ar an dé deiridh fós, cinnte. Agus más fíor an seanfhocal sin, is buaine iad na focail seo ná a lán rudaí eile!



Briseann an dúchas tri shúile an chait.



Moltaí dár Scríbhneoirí

- Iris atá oiriúnach do gach léitheoir is ea í seo, fiú daoine óga. Mar sin, má bhíonn aon rud gáirsiúil ann, ní mór nach dtuigfeadh páiste é. B'fhearr a leithéid a sheachaint mar bhunphrionsabal.
- Iris a bheidh measúil do gach éinne is ea í seo. Mar sin, más ábhar conspóideach atá idir lámha agat, ní mór duit a bheith cothrom agus gan mhaslaí, agus más féidir, an dá thaobh a mhíniú ar shlí nach gcuirfeadh isteach ar éinne. B'fhearr an chonspóid a sheachaint, má chuireann sé isteach ar dhaoine, ach níl aon chosc ar a leithéid, má dhéantar go béasach measúil é. Ní fhoilseofar aon rud díspeagach.
- Ní iris acadúil í seo. Tá suim againn in ábhar ar bith, ach is lucht léite ginearálta atá i gceist, agus mar sin, ní mór go bhfuil stíl tarraingteach spraiúil ann.
- Ní mór gur fíricí iad na fíricí a luaitear, dar ndóigh. Agus aon rud a mhaítear, ní mór go mínítear é chun bunús a chur leis (gan a bheith leadránach).
- Is leis na húdair féin a gcuid tuairimí, agus ní chuirfear ladar an eagarthóra isteach orthu sin. B'fhearr scéalta ná tuairimí, ámh.
- Is fearr a bheith dearfach ná diúltach i gcónaí, más féidir. Scríobh mar a scríobhfá do chara.
- Is fearr linn ábhar nach raibh i gcló cheana, fiú ar an idirlíon.
- Bíonn an cóipcheart ag an údar i gcónaí, mar is iondúil.